Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2018 (OR. en)**

**8213/18**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0381 (COD)**

**CODEC 604**
**ENER 123**
**ENV 242**
**TRANS 159**
**ECOFIN 348**
**RECH 144**
**IA 106**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtacht fuinnimh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 1 Nollaig 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 28 Iúil 2017[2]. D'eisigh Coiste na Réigiún a thuairim ar an 12 Deireadh Fómhair 2017[3].

[1] 15108/16.
[2] IO C 246, 28.7.2017, lch. 48.
[3] IO C 342, 12.10.2017, lch. 119.

3. Ar an 17 Aibreán 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle air[4].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go gcomhaontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 4/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireachtaí na Cróite agus na Ríochta Aontaithe ag staonadh ón vótáil agus toscaireacht na Slóvaice ag vótáil ina choinne;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 8065/18.